



Suí iomlánach

A10-0029/2024

6.12.2024

\*\*\*I

## TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/38/CE a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus forfheidhmiú éifeachtach ceart maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (COM(2024)0014 – C9-0012/2024 – 2024/0006(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Dennis Radtke

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* An nós imeachta toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **¶** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....	50
IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .....	51
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .....	52
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE .....	53



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/38/CE a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus forfheidhmiú éifeachtach ceart maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo  
(COM(2024)0014 – C90-0012/2024 – 2024/0006(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0014),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus Airteagal 153(1)(e) i gcomhar le hAirteagal 153(2)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Parlaimint (C9-0012/2024),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 30 Bealtaine 2024<sup>1</sup>,
  - Tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,
  - ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0029/2024),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
  2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

### Leasú 1

#### Togra le haghaidh Treorach Aithris 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Léirítear san fhianaise go bhfuil difríochtaí sa léirmhíniú agus i ndíospóidí

*Leasú*

(5) Léirítear san fhianaise go bhfuil difríochtaí sa léirmhíniú agus i ndíospóidí

<sup>1</sup> Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

mar thoradh ar an éiginnteacht dhlíthiúil maidir le coincheap na gcúrsaí trasnáisiúnta. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus an baol a bhaineann le díospóidí den sórt sin a laghdú, tá gá leis an gcoincheap sin a shoiléiriú. Chuige sin, is iomchuí a shoiléiriú gur cheart a chumhdach leis an Treoir sin, ní hamháin cásanna inar féidir a coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh bearta a ndéanann an bhainistíocht breithniú orthu difear d'fhostaithe i níos mó ná Ballstát amháin, ach i gcásanna inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh na bearta sin difear d'oibrithe i mBallstát amháin freisin, ach gur féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh iarmhairtí na mbeart sin difear d'oibrithe i mBallstát amháin eile ar a laghad. Tá sé sin riachtanach chun cásanna a chumhdach ina mbeartaíonn gnóthais bearta, amhail dífhostú agus iomarcaíocht, lena ndírítear go sainráite ar bhunaíochtaí i mBallstát amháin, ach inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta, mar sin féin, go mbeidh iarmhairtí acu a dhéanfadh difear d'fhostaithe i mBallstát eile, mar shampla mar gheall ar athruithe ar an slabhra soláthair trasteorann nó ar ghníomhaíochtaí táirgthe, i gcás ina bhféadfadh athruithe suntasacha ar eagrú na hoibre nó ar chaidreamh conarthach a bheith ann mar thoradh ar bhearta den sórt sin.

mar thoradh ar an éiginnteacht dhlíthiúil maidir le coincheap na gcúrsaí trasnáisiúnta. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus an baol a bhaineann le díospóidí den sórt sin a laghdú, tá gá leis an gcoincheap sin a shoiléiriú. Chuige sin, is iomchuí a shoiléiriú gur cheart a chumhdach leis an Treoir sin, ní hamháin cásanna inar féidir a coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh bearta a ndéanann an bhainistíocht breithniú orthu difear d'fhostaithe i níos mó ná Ballstát amháin, ach i gcásanna inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh na bearta sin difear d'oibrithe i mBallstát amháin freisin, ach gur féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh iarmhairtí na mbeart sin difear d'oibrithe i mBallstát amháin eile ar a laghad. ***Ba cheart go gcumhdófaí freisin cásanna ina ndéantar bearta arna mbreithniú ag bainistiú an ghnóthais ar scála an Chomhphobail nó bhainistiú an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail i mBallstát seachas an Ballstát ina dtáirgtear na héifeachtaí sin.*** Tá sé sin riachtanach chun cásanna a chumhdach ina mbeartaíonn gnóthais bearta, amhail dífhostú agus iomarcaíocht, lena ndírítear go sainráite ar bhunaíochtaí i mBallstát amháin, ach inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta, mar sin féin, go mbeidh iarmhairtí acu a dhéanfadh difear d'fhostaithe i mBallstát eile, mar shampla mar gheall ar athruithe ar an slabhra soláthair trasteorann nó ar ghníomhaíochtaí táirgthe, i gcás ina bhféadfadh athruithe suntasacha ar eagrú na hoibre nó ar chaidreamh conarthach a bheith ann mar thoradh ar bhearta den sórt sin.

## Leasú 2

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) Le Treoir 2009/38/CE, ceanglaítear

PE766.796v01-00

*Leasú*

(8) Le Treoir 2009/38/CE, ceanglaítear

6/53

RR\1311767GA.docx

ar na páirtithe i gcomhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha ionad chruinnithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha a chinneadh. *Ina theannta sin*, is iomchuí a shonrú go gcinnfidh siad formáid na gcruinnithe sin, go háirithe chun aon amhras a sheachaint *faoina saoirse teacht ar chomhaontú* go dtionólfai *cuid de* na cruinnithe *nó na cruinnithe go léir* i dtimpeallacht fhíorúil, trí úsáid a bhaint as uirlisí cruinnithe ar líne, rud a dhéanfadh lorg comhshaoil cruinnithe a laghdú i gcomhréir le spriocanna laghdaithe astaíochtaí an Aontais, mar aon leis na spriocanna náisiúnta agus le spriocanna cuideachtaí, agus *an tráth céanna a áirithiú go gcuirfear fostaithe ar an eolas* agus *go rachfar i gcomhairle leo go fóinteach* ar chostais chomhshaoil agus airgeadais níos ísle.

## Leasú 3

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) D'fhéadfadh éiginnteacht agus díospóidí a bheith ann maidir le costais áirithe a chumhdach agus maidir le rochtain a fháil ar acmhainní áirithe le linn fheidhmiú na gComhairlí Oibreacha Eorpacha. I gcomhréir le prionsabal neamhspleáchas na bpáirtithe, is iomchuí a cheangal go ndéanfar cineálacha áirithe acmhainní airgeadais agus ábhair a chinneadh go sonrath i gcomhaontuithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha, eadhon an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as saineolaithe – amhail saineolaithe teicniúla ábhair nó saineolaithe dlí – mar aon le táillí saineolaithe agus costais dlí a íoc, lena n-áirítear costais ionadaíochta dlíthiúla agus costais a bhaineann le páirt a ghlacadh in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha. Ina

ar na páirtithe i gcomhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha ionad chruinnithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha a chinneadh. Is iomchuí a shonrú go gcinnfidh siad formáid na gcruinnithe sin, go háirithe chun aon amhras a sheachaint *gur cheart* go dtionólfai na *gnáthchruinnithe bliantúla den chomhairle Oibreacha Eorpacha agus den roghchoiste i bpearsa, ach go bhféadfaí* cruinnithe *breise a reáchtáil* i dtimpeallacht fhíorúil, trí úsáid a bhaint as uirlisí cruinnithe ar líne *má chomhaontaítear amhlaidh*, rud a dhéanfadh lorg comhshaoil cruinnithe a laghdú i gcomhréir le spriocanna laghdaithe astaíochtaí an Aontais, mar aon leis na spriocanna náisiúnta agus le spriocanna cuideachtaí, agus *faisnéis fhóinteach* agus *comhairliúchán* fóinteach ar chostais chomhshaoil agus airgeadais níos ísle *á áirithiú an tráth céanna*.

*Leasú*

(9) D'fhéadfadh éiginnteacht agus díospóidí a bheith ann maidir le costais áirithe a chumhdach agus maidir le rochtain a fháil ar acmhainní áirithe le linn fheidhmiú na gComhairlí Oibreacha Eorpacha. I gcomhréir le prionsabal neamhspleáchas na bpáirtithe, is iomchuí a cheangal go ndéanfar cineálacha áirithe acmhainní airgeadais agus ábhair a chinneadh go sonrath i gcomhaontuithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha, eadhon an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as saineolaithe – amhail *ionadaithe ó cheardchumann aitheanta ar leibhéal an Chomhphobail*, saineolaithe teicniúla ábhair nó saineolaithe dlí – mar aon le táillí saineolaithe agus costais dlí a íoc, lena n-áirítear costais ionadaíochta dlíthiúla agus

theannta sin, ba cheart aghaidh a thabhairt sna comhaontuithe ar oiliúint ábhartha a chur ar fáil do chomhaltaí den Chomhairle Oibreacha Eorpacha, agus ar speansais ghaolmhara a chumhdach, gan dochar don íoscheanglas in Airteagal 10(4) de Threoir 2009/38/CE.

costais a bhaineann le páirt a ghlacadh in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha. Ina theannta sin, ba cheart aghaidh a thabhairt sna comhaontuithe ar oiliúint ábhartha a chur ar fáil do chomhaltaí den Chomhairle Oibreacha Eorpacha, agus ar speansais ghaolmhara a chumhdach, gan dochar don íoscheanglas in Airteagal 10(4) de Threoir 2009/38/CE. ***Baineann costais réasúnacha le speansais a bhaineann le feidhmiú agus oibriú cuí an chomhlachta speisialta caibidlíochta nó na Comhairle Oibreacha Eorpacha, lena n-áirítear costais na saineolaithe, ionadaíocht dhlíthiúil, rannpháirtíocht in imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha agus oiliúint. Féadfaidh na Ballstáit rialacha buiséadacha a leagan síos i ndail le hoibriú Comhairle Oibreacha Eorpacha.***

## Leasú 4

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 10

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(10) Maidir leis an gceanglas i dTreoir 2009/38/CE go gcuirfí san áireamh, i gcás inar féidir, an gá atá le hionadaíocht chothrom fostaithe o thaobh a n-inscne de agus comhdhéanamh na gComhairlí Oibreacha Eorpacha á chinneadh, is neamhleor é chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn. Tá mná fós faoi ghannionadaíocht i bhformhór na gComhairlí Oibreacha Eorpacha. Dá bhrí sin, is gá cuspóirí níos éifeachtaí agus níos sonraí a leagan síos maidir le hionadaíocht inscne, ar cuspóirí iad a bheidh le cur chun feidhme ag an mbainistíocht agus ionadaithe ***fostaithe*** nuair a bheidh a gcomhaontuithe á gcaibidliú nó á n-athchaibidliú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, d'fhéadfadh sé go mbeidh gá i gcásanna áirithe le tosaíocht a thabhairt don inscne tearcionadaithe nuair a dhéantar an

*Leasú*

(10) ***Ba cheart do Chomhairlí Oibreacha Eorpacha ionadaíocht chothrom, chuimsitheach agus éagsúil fostaithe a chur chun cinn.*** Maidir leis an gceanglas i dTreoir 2009/38/CE go gcuirfí san áireamh, i gcás inar féidir, an gá atá le hionadaíocht chothrom fostaithe o thaobh a n-inscne de agus comhdhéanamh na gComhairlí Oibreacha Eorpacha á chinneadh, is neamhleor é chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn. Tá mná fós faoi ghannionadaíocht i bhformhór na gComhairlí Oibreacha Eorpacha. Dá bhrí sin, is gá cuspóirí níos éifeachtaí agus níos sonraí a leagan síos maidir le hionadaíocht inscne, ar cuspóirí iad a bheidh le cur chun feidhme ag an mbainistíocht agus ionadaithe ***na bhfostaithe*** nuair a bheidh a gcomhaontuithe á gcaibidliú nó á n-athchaibidliú. Chun na cuspóirí sin a bhaint



Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó a roghchoiste a chomhdhéanamh. I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is féidir gníomhaíocht dhearfach den sórt sin a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná, ar choinníoll nach dtugtar tosaíocht go huathoibríoch agus gan choinníoll do dhaoine d’inscne áirithe trí na bearta a dhéantar chun cuspóir na cothromaíochta inscne a bhaint amach, ach gur féidir critéir eile a chur san áireamh, amhail tuillteanais agus cáilíochtaí, mar aon leis an nós imeachta toghcháin arna bhunú leis na dlíthe ábhartha. Dá bhrí sin, ba cheart an tsolúbthacht is gá a thabhairt do na páirtithe i gcomhaontuithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha chun na srianta dlíthiúla agus fíorasacha ar an ngníomhaíocht dhearfach a urramú. Ina theannta sin, i gcás breithnithe comhchosúla, is iomchuí céimeanna a éileamh chun comhdhéanamh an chomhlachta speisialta caibidlíochta a bheidh cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach, chun an cuspóir sin a chur chun cinn cheana le linn chéim na caibidlíochta.

amach, d’fhéadfadh sé go mbeidh gá i gcásanna áirithe le tosaíocht a thabhairt don inscne tearcionadaithe nuair a dhéantar an Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó a roghchoiste a chomhdhéanamh. I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is féidir gníomhaíocht dhearfach den sórt sin a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná, ar choinníoll nach dtugtar tosaíocht go huathoibríoch agus gan choinníoll do dhaoine d’inscne áirithe trí na bearta a dhéantar chun cuspóir na cothromaíochta inscne a bhaint amach, ach gur féidir critéir eile a chur san áireamh, amhail tuillteanais agus cáilíochtaí, mar aon leis an nós imeachta toghcháin arna bhunú leis na dlíthe ábhartha. Dá bhrí sin, ba cheart an tsolúbthacht is gá a thabhairt do na páirtithe i gcomhaontuithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha chun na srianta dlíthiúla agus fíorasacha ar an ngníomhaíocht dhearfach a urramú. Ina theannta sin, i gcás breithnithe comhchosúla, is iomchuí céimeanna a éileamh chun comhdhéanamh an chomhlachta speisialta caibidlíochta a bheidh cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach, chun an cuspóir sin a chur chun cinn cheana le linn chéim na caibidlíochta.

## Leasú 5

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 12

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(12) Agus faisnéis íogair á comhroinnt le comhaltaí den Chomhairlí Oibreacha Eorpacha, comhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, nó ionadaithe na bhfostaithe faoi chuimsiú nós imeachta **chun fostaithe a chur ar an eolas** agus **dul i gcomhairle leo**, is féidir leis mbainistíocht foráil a dhéanamh go roinnfear an fhaisnéis ar bhealach rúnda

*Leasú*

(12) Agus faisnéis íogair á comhroinnt le comhaltaí den Chomhairlí Oibreacha Eorpacha, comhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, nó ionadaithe na bhfostaithe faoi chuimsiú nós imeachta **faisnéise** agus **comhairliúcháin**, is féidir leis mbainistíocht foráil a dhéanamh go roinnfear an fhaisnéis ar bhealach rúnda agus nár cheart í a nochtadh a thuilleadh.

agus nár cheart í a nochtadh a thuilleadh. Agus faisnéis á comhroinnt ar bhealach rúnda, ba cheart ceangal a chur ar an **mbainistíocht lárnach** údar réasúnta a chur ar fáil ag an am céanna. Trí shocruithe leordhóthanacha a chur ar bun chun rúndacht faisnéise íogaire a chosaint, féadfar muinín a chothú agus comhroinnt na faisnéise sin a éascú, agus leasanna gnó agus oibríthe á gcosaint, lena n-áirítear rioscaí atá ag dul i méid amhail spiaireacht thionsclaíoch a sheachaint.

*Níor cheart feidhm a bheith aige sin maidir le cásanna ina gcinneann comhaltai den Chomhairle Oibreacha Eorpacha faisnéis a nochtadh do chomhairlí oibre náisiúnta nó áitiúla a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do staid na n-oibríthe.* Agus faisnéis á comhroinnt ar bhealach rúnda, ba cheart ceangal a chur ar an **lár bhainistíocht** údar réasúnta a chur ar fáil ag an am céanna **bunaithe ar chritéir oibiachtúla**. Trí shocruithe leordhóthanacha a chur ar bun chun rúndacht faisnéise íogaire a chosaint, féadfar muinín a chothú agus comhroinnt na faisnéise sin a éascú, agus leasanna gnó agus oibríthe á gcosaint, lena n-áirítear rioscaí atá ag dul i méid amhail spiaireacht thionsclaíoch a sheachaint.

## Leasú 6

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 15

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Chun dul i gcomhairle le fostaithe ar bhonn trasnáisiúnta agus ar bhonn éifeachtach, teastaíonn fíor-idirphlé idir an **bhainistíocht lárnach** agus Comhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe na bhfostaithe faoi chuimsiú nós imeachta **chun fostaithe a chur ar an eolas** agus **dul i gcomhairle leo**. Tugtar le tuiscint leis sin gur gá **fostaithe a chur ar an eolas** agus **dul i gcomhairle leo** ar bhealach lena gcuirfí ar a gcumas d'ionadaithe oibríthe a dtuairim a chur in iúl sula nglacfar an cinneadh agus nach mór freagra réasúnaithe **a fháil ón mbainistíocht lárnach** maidir le tuairimí arna n-eisiúint ag Comhairlí Oibreacha Eorpacha nó ag ionadaithe na bhfostaithe sula nglacfaidh an **bhainistíocht lárnach a cinneadh** maidir leis an mbeart atá beartaithe lena mbaineann. Ba cheart ceanglas sainráite chuige sin a leagan síos i dTreoir 2009/38/CE chun deimhneacht

*Leasú*

(15) Chun dul i gcomhairle le fostaithe ar bhonn trasnáisiúnta agus ar bhonn éifeachtach, teastaíonn fíor-idirphlé idir an **lár bhainistíocht** agus Comhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe na bhfostaithe faoi chuimsiú nós imeachta **faisnéise** agus **comhairliúcháin**. Tugtar le tuiscint leis sin gur gá **déileáil le faisnéis** agus **comhairliúchán** ar bhealach **fóinteach agus tráthuil** lena gcuirfí ar a gcumas d'ionadaithe oibríthe a dtuairim a chur in iúl sula nglacfar an cinneadh, **lena bhféadfaí pleananna gnó, pleananna sóisialta a áireamh**, agus **nuálacha próisis i gcás ina bhféadfaidís tionchar a imirt ar iomarcaíochtaí**, agus nach mór freagra réasúnaithe **teacht ón lár bainistíocht** maidir le tuairimí arna n-eisiúint ag Comhairlí Oibreacha Eorpacha nó ag ionadaithe na bhfostaithe sula nglacfaidh an **lár bhainistíocht nó orgán inniúil eile an ghnóthais ar scála an Chomhphobail**

dhlíthiúil a áirithiú.

*nó an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail a chinneadh maidir leis an mbeart atá beartaithe lena mbaineann. Ba cheart ceanglas sainráite chuige sin a leagan síos i dTreoir 2009/38/CE chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú. **Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir le gnóthais ar scála an Chomhphobail nó le grúpaí gnóthas ar scála an Chomhphobail cinntí a dhéanamh go héifeachtach agus nach mbeidh moill mhíchuí ar chinntí a dhéanfaidh gnóthais ar scála an Chomhphobail nó grúpaí gnóthas ar scála an Chomhphobail mar thoradh orthu.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 15 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(15a) I gcásanna ina mbíonn easaontas ann maidir le tabhairt faoi nós imeachta faisnéise nó comhairliúcháin, tá easpa treorach ann maidir le conas na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag na heasaontais sin ar chomhaltaí de Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus ar ionadaithe na bhfostaithe a réiteach. Dá bhrí sin, i gcás ina mbeadh díospóid ann i dtaobh ar cheart nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin a dhéanamh, ba cheart don lár bhainistíocht forais chuí-réasúnaithe a sholáthar i scríbhinn ina sonraítear na cúiseanna nach bhfuil na forálacha sa Treoir seo a bhaineann le faisnéise agus comhairliúcháin infheidhme.*

## Leasú 8

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 15 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(15b) I gcomhthéacs nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin, ba cheart go bhféadfadh an Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó an roghchoiste cúnamh agus comhairle a iarraidh ar shaineolaithe dá rogha féin, amhail ionadaithe ó eagraíochtaí inniúla aitheanta ceardchumann ar leibhéal an Chomhphobail. Ba cheart go mbeadh cead ag na saineolaithe sin freastal ar chruinnithe Comhairle Oibreacha Eorpacha agus ag cruinnithe leis an lárbhainistíocht i gcáil chomhairleach. Thairis sin, is féidir leis na Ballstáit rialacha buiséadacha a leagan síos d'oibriú Comhairle Oibreacha Eorpacha.***

## Leasú 9

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 17

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(17) I mBallstáit áirithe, bíonn deacrachtaí ag sealbhóirí ceart faoi Threoir 2009/38/CE caingne dlí a thionscnamh chun a gcearta a fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin, is gá oibleagáid na mBallstát a neartú maidir le leigheasanna éifeachtacha agus rochtain éifeachtach ar cheartas a áirithiú agus maidir le maoirseacht an Choimisiúin agus an oibleagáid sin á comhlíonadh acu. Chun na críche sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit go gcuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas maidir leis na himthosca faoinar féidir le sealbhóirí ceart nósanna imeachta breithiúnacha, agus i gcás inarb infheidhme, nósanna imeachta riaracháin a thionscnamh i ndáil lena **gceart** uile faoin

(17) I mBallstáit áirithe, bíonn deacrachtaí ag sealbhóirí ceart faoi Threoir 2009/38/CE caingne dlí a thionscnamh chun a gcearta a fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin, is gá oibleagáid na mBallstát a neartú maidir le leigheasanna éifeachtacha agus rochtain éifeachtach ar cheartas a áirithiú agus maidir le maoirseacht an Choimisiúin agus an oibleagáid sin á comhlíonadh acu. Chun na críche sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit go gcuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas maidir leis na himthosca faoinar féidir le sealbhóirí ceart, **lena n-áirítear comhaltaí de chomhlacht speisialta caibidlíochta agus comhaltaí de Chomhairle Oibreacha Eorpacha,**

Treoir sin. Thairis sin, ba cheart a shoiléiriú nach mór forfheidhmiú tráthúil agus éifeachtach a chumasú leis na nósanna imeachta ábhartha, agus nach féidir cinneadh atá ceangailteach ar na páirtithe lena mbaineann a dhéanamh mar thoradh ar nósanna imeachta um réiteach malartach roimh ré d'fhéadfadh a bheith ann, ná dochar a dhéanamh do cheart sealbhóirí ceart imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh.

nósanna imeachta breithiúnacha, agus i gcás inarb infheidhme, nósanna imeachta riaracháin a thionscnamh i ndáil lena ***gcearta*** uile faoin Treoir sin, ***lena n-áirítear an ceart chun ceardchumainn a chur ar bun nó dul i bpáirt le ceardchumainn. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit sásraí a fhorbairt chun idirghabháil a spreagadh agus, i gcás inarb iomchuí, foráil a dhéanamh do shásraí malartacha díospóide.*** Thairis sin, ba cheart a shoiléiriú nach mór forfheidhmiú tráthúil agus éifeachtach a chumasú leis na nósanna imeachta ábhartha, agus nach féidir cinneadh atá ceangailteach ar na páirtithe lena mbaineann a dhéanamh mar thoradh ar nósanna imeachta um réiteach malartach roimh ré d'fhéadfadh a bheith ann, ná dochar a dhéanamh do cheart sealbhóirí ceart imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh. ***Mar sin féin, ba cheart go mbainfeadh comhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta agus comhaltaí de Chomhairlí Oibreacha Eorpacha tairbhe as an gcosaint agus as na ráthaíochtaí atá coibhéiseach leis an gcosaint agus na ráthaíochtaí sin d'ionadaithe na bhfostaithe faoin dlí náisiúnta nó faoin gcleachtas is infheidhme ina dtír fostaíochta.***

Leasú 10

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 18

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(18) Léiríodh sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún ***in 2018*** ar Threoir 2009/38/CE gur minic nach mbíonn na smachtbhannaí is infheidhme i gcás ***neamhchomhlíontacht ceanglas maidir le fostaithe a chur ar an eolas*** agus ***dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta athchomhairleach go leor.*** Dá bhrí sin, is iomchuí go leagtar síos

*Leasú*

(18) Léiríodh sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún ***in 2018*** ar Threoir 2009/38/CE gur minic nach mbíonn, ***ar an drochuair,*** na smachtbhannaí is infheidhme ***athchomhairleach, éifeachtach agus comhréireach go leor*** i gcás nach ***gcomhlíontar ceanglais faisnéis thrasnáisiúnta*** agus ***comhairliúchán***

oibleagáid na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí éifeachtacha, athchomhairleacha, agus comhréireacha. Ba cheart foráil a dhéanamh do **smachtbhannaí** airgid i gcás nach gcomhlíontar na nósanna imeachta **chun fostaithe a chur ar an eolas** agus **dul i gcomhairle leo** a leagtar amach i dTreoir 2009/38/CE. **Ina theannta sin, d'fhéadfaí** foráil a dhéanamh do chineálacha eile smachtbhannaí. Ba cheart smachtbhannaí **airgid** a chinneadh, agus méid agus staid airgeadais an ghnóthais nó an ghrúpa ar scála an Chomhphobail á gcur san áireamh, – mar shampla, bunaithe ar a láimhdeachas bliantúil – agus ar aon tosca ábhartha eile – amhail tromchúis, fad, iarmhairtí, agus cineál intinneach nó faillitheach an chiona, ionas go mbeidh siad éifeachtach, athchomhairleach, agus comhréireach.

trasnáisiúnta. Dá bhri sin, is iomchuí go leagtar síos oibleagáid na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí éifeachtacha, athchomhairleacha, agus comhréireacha. Ba cheart foráil a dhéanamh do **phionóis** airgid i gcás nach gcomhlíontar na nósanna imeachta **faisnéise** agus **comhairliúcháin** a leagtar amach i dTreoir 2009/38/CE. **Ba cheart** foráil a dhéanamh **freisin** do chineálacha eile smachtbhannaí, **lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta**, ba cheart **do na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaí réamhurghaire a iarraidh i gcúirteanna náisiúnta nó in údaráis inniúla eile chun cur chun feidhme cinntí bainistíochta a chur ar fionraí go sealadach go dtí go ndéanfar nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin ar an leibhéal ábhartha bainistíochta agus ionadaíochta agus ar bhealach lena gcumasófar freagra réasúnaithe a fháil ón lár bhainistíocht i gcomhréir leis an Treoir sin. Ba cheart** smachtbhannaí **airgeadais** a chinneadh, agus méid agus staid airgeadais an ghnóthais nó an ghrúpa ar scála an Chomhphobail á gcur san áireamh, – mar shampla, bunaithe ar a láimhdeachas bliantúil – agus ar aon tosca ábhartha eile – amhail tromchúis, fad, iarmhairtí, agus cineál intinneach nó faillitheach an chiona, ionas go mbeidh siad éifeachtach, athchomhairleach, agus comhréireach, **agus ba cheart go mbeadh siad bunaithe ar na fineálacha riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 83(4) agus (5) de Rialachán (AE) 2016/679.**

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach

## Aithris 19

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(19) Maidir le gnóthais a bhfuil comhaontú acu maidir le fostaithe a **chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta, ar comhaontú é a** tugadh i gcrích roimh an **23 Meán Fómhair 1996**, is é sin le rá roimh dháta chur i bhfeidhm Threoir 94/45/CE ón gComhairle<sup>1a</sup>, tá na gnóthais sin díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí a eascraíonn as Treoir 2009/38/CE. Maidir leis na comhlachtaí **chun** fostaithe a **chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo, ar comhlachtaí iad a** bunaíodh faoi chomhaontaithe den sórt sin, **a** tugadh i gcrích iad agus **a** leanann siad de bheith ag oibriú lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais. Maidir le Treoir 2009/38/CE, ní féidir le **fostaithe** sna gnóthais dhíolmhaithe iarraidh **orthu** go mbunófaí Comhairle Oibreacha Eorpach faoin Treoir sin. Mar sin féin, agus ar mhaithe leis an tsoiléireacht dhlíthiúil, cóir chomhionann agus éifeachtacht, ba cheart i bprionsabal go mbeadh sé de cheart ag fostaithe agus ag ionadaithe **fostaithe** i ngach gnóthas ar **leibhéal** an Chomhphobail, nó i ngach grúpa gnóthas ar **leibhéal** an Chomhphobail, a iarraidh go mbunófaí Comhairle Oibreacha Eorpacha. Beagnach 30 bliain tar éis creat reachtach a bhunú lena leagtar síos íoscheanglais den chéad uair ar leibhéal an Aontais maidir le fostaithe **a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta**, tá forlámhas ag na cúiseanna sin ar bhreithnithe leanúnachais maidir le comhaontuithe a bhí ann cheana, agus ba iad na cúiseanna sin a spreag an díolúine ar dtús. Ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine sin a scriosadh.

---

<sup>1a</sup> **Treoir 94/45/CE** ón gComhairle

*Leasú*

(19) Maidir le gnóthais a bhfuil comhaontú acu maidir le **faisnéis thrasnáisiúnta agus comhairliúchán trasnáisiúnta** fostaithe a tugadh i gcrích roimh an **23 Meán Fómhair 1996**, is é sin le rá roimh dháta chur i bhfeidhm Threoir 94/45/CE ón gComhairle<sup>1a</sup>, tá na gnóthais sin díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí a eascraíonn as Treoir 2009/38/CE. Maidir leis na comhlachtaí **faisnéise agus comhairliúcháin** fostaithe a bunaíodh faoi chomhaontaithe den sórt sin, tugadh i gcrích iad agus leanann siad de bheith ag oibriú lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais, **agus ba cheart a stádas dlíthiúil a áirithiú leis an dlí sibhialta nó le dlí an tsaothair choitinn, ag brath ar chórais dlí éagsúla gach Ballstáit**. Maidir le Treoir 2009/38/CE, ní féidir le **fhostaithe** sna gnóthais dhíolmhaithe iarraidh go mbunófaí Comhairle Oibreacha Eorpach faoin Treoir sin. Mar sin féin, agus ar mhaithe leis an tsoiléireacht dhlíthiúil, cóir chomhionann agus éifeachtacht, ba cheart i bprionsabal go mbeadh sé de cheart ag fostaithe agus ag ionadaithe **na bhfostaithe** i ngach gnóthas ar **scála** an Chomhphobail, nó i ngach grúpa gnóthas ar **scála** an Chomhphobail, a iarraidh go mbunófaí Comhairle Oibreacha Eorpacha. Beagnach 30 bliain tar éis creat reachtach a bhunú lena leagtar síos íoscheanglais den chéad uair ar leibhéal an Aontais maidir le **faisnéis thrasnáisiúnta agus comhairliúchán trasnáisiúnta** fostaithe, tá forlámhas ag na cúiseanna sin ar bhreithnithe leanúnachais maidir le comhaontuithe a bhí ann cheana, agus ba iad na cúiseanna sin a spreag an díolúine ar dtús. Ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine sin a scriosadh.

---

<sup>1a</sup> **Treoir 2009/45/CE** ón gComhairle

*an 22 Meán Fómhair 1994* maidir le Comhairle Oibreacha *Eorpacha* nó nós imeachta a bhunú i ngnóthais ar scála an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar scála an Chomhphobail chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (IO L 254, **30.9.1994**, lch. 64, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1994/45/oj>).

*an 22 Meán Fómhair 1994* maidir le Comhairle Oibreacha *Eorpach* nó nós imeachta a bhunú i ngnóthais ar scála an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar scála an Chomhphobail chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (IO L 254, **30.9.2009**, lch. 64, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1994/45/oj>).

## Leasú 12

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 19 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(19a)** *Tá sé bunriachtanach go rialófar gach comhaontú Chomhairle Oibreacha Eorpacha leis na cearta agus na hoibleagáidí céanna, chun cóir chomhionann oibrithe, rochtain ar chur i bhfeidhm ardchaighdeáin an Aontais, agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú. D'fhonn cothrom iomaíochta rialála a chruthú lena rialófar feidhmiú na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, ba cheart na rialacha agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Treoir 2009/38/CE a bheith infheidhme maidir le gach comhaontú de chuid na Comhairle Oibreacha Eorpacha agus comhaontuithe maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin arna dtabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Threoir 94/45/CE nó i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 den Treoir seo.*

## Leasú 13

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 20

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(20)** *Thairis sin, chun na breithnithe céanna a dhéanamh, ba cheart feidhm a bheith ag na híoscheanglais chéanna*

*scriosta*



*maidir le gach gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail a bhfuil Comhairlí Oibreacha Eorpacha acu a fheidhmíonn faoi Threoir 2009/38/CE agus maidir leis na gnóthais sin inar síníodh nó inar athbhreithníodh comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha idir an 5 Meitheamh 2009 agus an 5 Meitheamh 2011. Dá bhrí sin, ba cheart díolúine na ngnóthas deiridh sin ó chur i bhfeidhm Threoir 2009/38/CE a scriosadh freisin.*

Leasú 14

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 21**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(21) Tá sé de cheart ag Comhairlí Oibreacha Eorpacha a fheidhmíonn bunaithe ar na ceanglais choimhdeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE bualadh leis an lár bhainistíocht uair sa bhliain, chun go gcuirfear ar an eolas iad agus go rachfar i gcomhairle leo maidir le dul chun cinn ghnó an ghnóthais ábhartha ar **leibhéal** an Chomhphobail, nó an ghrúpa gnóthas ar **leibhéal** an Chomhphobail, agus maidir lena bhfuil i ndán don ghnóthas. **Maidir le Comhairlí** Oibreacha Eorpacha a **chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáidiúnta, chun an próiseas sin a neartú**, is iomchuí líon na gcrúinnithe iomlánacha bliantúla sin sna ceanglais choimhdeacha a mhéadú go dhá chruinniú.

*Leasú*

(21) Tá sé de cheart ag Comhairlí Oibreacha Eorpacha a fheidhmíonn bunaithe ar na ceanglais choimhdeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE bualadh leis an lár bhainistíocht uair sa bhliain, chun go gcuirfear ar an eolas iad agus go rachfar i gcomhairle leo maidir le dul chun cinn ghnó an ghnóthais ábhartha ar **scála** an Chomhphobail, nó an ghrúpa gnóthas ar **scála** an Chomhphobail, agus maidir lena bhfuil i ndán don ghnóthas. **Chun faisnéis thrasnáisiúnta agus comhairliúchán trasnáisiúnta na gComhairlí** Oibreacha Eorpacha a neartú, is iomchuí líon na gcrúinnithe iomlánacha bliantúla sin sna ceanglais choimhdeacha a mhéadú go dhá chruinniú **ar a laghad. Nuair is iomchuí agus nuair a chomhaontaítear iad agus faisnéis fhóinteach agus comhairliúchán fóinteach á áirithiú, is féidir modhanna digiteacha cumarsáide agus comhordaithe a úsáid i gcásanna eisceachtúla gan teacht in ionad gnáthchruinnithe.**

## Leasú 15

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 24

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(24) *I gcásanna áirithe, comhaontuithe ó Chomhairlí Oibreacha Eorpacha atá ann cheana ná comhaontuithe maidir le nósanna imeachta **chun fostaithe a chur ar an eolas** agus **dul i gcomhairle leo**, a tugadh i gcrích faoi Threoir 94/45/CE nó faoi Threoir 2009/38/CE roimh theacht i bhfeidhm na mbeart a ghlac na Ballstáit chun an Treoir sin a thrasú, d'fhéadfadh sé nach mbeidís i gcomhréir **leis na ceanglais athbhreithnithe**. Dá bhrí sin, is iomchuí socruithe idirthréimhseacha a leagan amach lena gcuirfear ar a gcumas do na páirtithe sna comhaontuithe sin **oiriúnuithe** a chaibidliú **roimh dháta** chur i bhfeidhm na **mbeart trasúmh**.*

## Leasú 16

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 24 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(24) ***Maidir le** comhaontuithe ó Chomhairlí Oibreacha Eorpacha atá ann cheana ná comhaontuithe maidir le nósanna imeachta **faisnéise** agus **comhairliúcháin**, a tugadh i gcrích faoi Threoir 94/45/CE nó faoi Threoir 2009/38/CE roimh theacht i bhfeidhm na mbeart a ghlac na Ballstáit chun an Treoir sin a thrasú, d'fhéadfadh sé nach mbeidís i gcomhréir **le hábhar riachtanach athbhreithnithe na gcomhaontuithe sin**. Dá bhrí sin, is iomchuí socruithe idirthréimhseacha a leagan amach lena gcuirfear ar a gcumas do na páirtithe sna comhaontuithe sin **aguisíní** a chaibidliú, **gan a cheangal, áfach, athchaibidlíocht iomlán ar an gcomhaontú. Ionas nach bhféadfar aon chur isteach a dhéanamh ar fhaisnéis agus comhairliúchán fostaithe, tá an comhaontú na Comhairle Oibreacha Eorpacha nó an comhaontú maidir le nósanna imeachta faisnéise agus comhairliúcháin atá ann cheana le fanacht** i bhfeidhm **le linn chaibidliú** na **n-aguisíní sin**.*

*Leasú*

(24a) ***Má chuireann an lár bhainistíocht tús le caibidlíocht chun forlíonadh a dhéanamh ar chomhaontú atá ann cheana ón gComhairle Oibreacha Eorpacha nó ar chomhaontú maidir le nósanna imeachta faisnéise agus comhairliúcháin le ceanglais na Treorach***

*seo, níl aon oibleagáid ann an comhaontú iomlán atá ann cheana a athchaibidliú. Ba cheart na ceanglais leasaithe a chaibidliú mar aguisín laistigh de 2 bhliain ó dháta thrasúí na Treorach seo. Ba cheart foráil a dhéanamh go mbeidh feidhm ag na ceanglais choimhdeacha a bhaineann go sonrach leis na ceanglais leasaithe in éagmais comhaontaithe maidir leis an aguisín laistigh den teorainn ama sin.*

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 24 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(24b) Is gá a úirithiú go mbeidh an deis ag an gcomhlacht speisialta caibidlíochta bualadh go rialta leis an lár bhainistíocht chun a bheith in ann caibidlíocht fhóinteach a dhéanamh. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7(1), ba cheart a shoiléiriú gurb í an lár bhainistíocht atá freagrach as bunú Comhairle Oibreacha Eorpacha a thionscnamh de réir na gceanglas coimhdeach.*

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 1 – mír 4 – fomhír 2 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) *is féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh* na bearta arna mbreithniú ag bainistíocht an ghnóthais ar *leibhéal* an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar *leibhéal* an Chomhphobail difear d'oibrithe i ngnóthais nó i

(a) *déanann* na bearta arna mbreithniú ag bainistíocht an ghnóthais ar *scála* an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar *scála* an Chomhphobail difear d'oibrithe i ngnóthais nó i mbunaíochtaí i níos mó ná Ballstát amháin;

mbunaíochtaí i níos mó ná Ballstát amháin;

## Leasú 19

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1

Treoir 2009/38/CE

Airteagal 1 – mír 4 – fómhír 2 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) is féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh na bearta arna mbreithniú ag bainistíocht an ghnóthais ar **leibhéal** an Chomhphobail, nó an ghrúpa gnóthas ar **leibhéal** an Chomhphobail, difear d’oibríthe i ngnóthas nó i mbunaíocht i mBallstát amháin, agus inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh iarmhairtí na mbeart sin difear d’oibríthe i ngnóthas nó i mbunaíocht **i mBallstát** eile.’;

## Leasú 20

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1

Treoir 2009/38/CE

Airteagal 1 – mír 4 – fómhír 2 – pointe b a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

## Leasú 21

### Togra le haghaidh Treorach

*Leasú*

(b) is féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh na bearta arna mbreithniú ag bainistíocht an ghnóthais ar **scála** an Chomhphobail, nó an ghrúpa gnóthas ar **scála** an Chomhphobail, difear d’oibríthe i ngnóthas nó i mbunaíocht i mBallstát amháin, agus inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh iarmhairtí na mbeart sin difear d’oibríthe i ngnóthas nó i mbunaíocht **in ar a laghad Ballstát amháin** eile.’; **nó**

*Leasú*

**(ba) is féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh na bearta arna mbreithniú ag lár bainistíocht an ghnóthais ar scála an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail difear d’oibríthe i ngnóthas nó i mbunaíocht i mBallstát seachas sa Ballstát ina mbreithnítear na bearta sin.**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**

Treoir 2009/38/CE

Airteagal 1 – mír 4 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4a.** *Chun gné thrasnáisiúnta an ní a chinneadh, déanfar raon feidhme a éifeachtaí féideartha ar an lucht saothair agus an leibhéal bainistíochta agus ionadaíochta lena mbaineann a chur san áireamh. Aireofar leis sin nithe is ábhar inní d'oibríthe iad ó taobh raon feidhme an tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu in dhá Bhallstát nó níos mó, chomh maith le nithe a bhaineann le haistriú gníomhaíochtaí idir dhá Bhallstát nó níos mó.*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(2) in Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (f) agus (g):

(2) in Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí **(d)**, (f) agus (g):

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 2009/38/CE

Airteagal 2 – mír 1 – pointe d

*An téacs atá ann*

*Leasú*

(d) ciallaíonn ‘ionadaithe na bhfostaithe’ ionadaithe na bhfostaithe dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta **agus/nó** le cleachtas;

(d) ciallaíonn ‘ionadaithe na bhfostaithe’ **ceardchumann nó** ionadaithe na bhfostaithe dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta **nó** le cleachtas;

Leasú 24

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe f

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

“(f) ciallaíonn **‘fostaithe a chur ar an eolas’** tarchur sonraí ag an bhfostóir chuig ionadaithe **fostaithe** chun é a chur ar a gcumas dóibh iad féin a chur ar an eolas faoin ábhar agus scrúdú a dhéanamh air;

*Leasú*

“(f) ciallaíonn **‘faisnéis’** tarchur sonraí ag an bhfostóir chuig ionadaithe **na bhfostaithe** chun é a chur ar a gcumas dóibh iad féin a chur ar an eolas faoin ábhar agus scrúdú a dhéanamh air **agus go ndéanfar é sin ag tráth, ar bhealach, agus leis an ábhar is iomchuí chun é a chur ar a gcumas d’ionadaithe na bhfostaithe grinnmheasúnú a dhéanamh ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith acu agus, i gcás inarb iomchuí, ullmhú do chomhairliúcháin le horgán inniúil an ghnóthais ar scála an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail;**

Leasú 25

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe g

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) ciallaíonn **‘dul i gcomhairle le fostaithe’** idirphlé a bhunú agus tuairimí a mhalartú idir ionadaithe **fostaithe** agus an lárbhainistíocht nó aon leibhéal bainistíochta eile a bheadh níos iomchuí;’;

*Leasú*

(g) ciallaíonn **‘comhairliúchán’** idirphlé a bhunú agus tuairimí a mhalartú idir ionadaithe **na bhfostaithe** agus an lárbhainistíocht nó aon leibhéal bainistíochta eile a bheadh níos iomchuí **ag tráth, ar bhealach, agus leis an ábhar is iomchuí chun é a chur ar a gcumas d’ionadaithe na bhfostaithe réamhthuairim a thabhairt ar bhonn na faisnéise arna soláthar faoi na bearta beartaithe a mbaineann an comhairliúchán leo, gan dochar do fhreagrachtaí an lucht bainistíochta, agus laistigh de thréimhse réasúnach ama, atá**

*le cur san áireamh laistigh den ghnóthas ar scála an Chomhphobail nó den ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail. Déanfar comhairliúchán a chur i gcrích ar bhealach lena gcumasófar d'ionadaithe na bhfostaithe freagairt réasúnaithe i scríbhinn a fháil ón lár bhainistíocht in am trátha sula nglacfar an cinneadh, ar choinníoll gur chuir ionadaithe na bhfostaithe a dtuairim in iúl laistigh de thréimhse réasúnach ama i gcomhréir leis an gcéad abairt;*

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Chun críocha phointe (c) den chéad fhomhír, cuirfear fostaithe gnóthas rialúcháin agus gnóthas rialaithe de réir bhí Airteagal 3(2), pointe (ca), san áireamh freisin sa sainmhíniú ar ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail;*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 3 – mír 1

*An téacs atá ann*

*Leasú*

*(2a) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*

1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘gnóthas rialúcháin’ gnóthas ar féidir leis tionchar ceannasach a imirt ar ghnóthas eile (an gnóthas rialaithe) de bhua, mar shampla, úinéireacht,

‘1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘gnóthas rialúcháin’ gnóthas ar féidir leis tionchar ceannasach a imirt ar ghnóthas eile (an gnóthas rialaithe) de bhua, mar shampla, úinéireacht,

rannpháirtíocht airgeadais nó na rialacha lena rialaítear é.

rannpháirtíocht airgeadais, *rialú ar chinntí* nó na rialacha lena rialaítear é.’

## Leasú 28

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 b (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(2b) in Airteagal 3(2), cuirtear an pointe seo a leanas leis:*

*(ca) oibríonn sé go díreach nó go hindíreach sa mhargadh inmheánach ag díol earraí nó ag soláthar seirbhísí trí chomhaontuithe saincheadúnais nó ceadúnais arna dtabhairt i gcrích le cuideachtaí neamhspleácha tríú páirtí i gcomaoin ríchíosanna i gcás ina n-áirithítear leis na comhaontuithe sin féiniúlacht choiteann, ainm nó coincheap comhchoiteann gnó, agus cur i bhfeidhm modhanna aonfhoirmeacha gnó.*

## Leasú 29

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 5 – mír 1

*An téacs atá ann*

*Leasú*

*(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*

1. Chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1(1) a bhaint amach, déanfaidh an *bhainistíocht lárnach* caibidlíocht a thionscnamh lena *mbunaítear* Comhairle Oibreacha Eorpacha nó nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin i scríbhinn, ag ar a laghad 100 fostaí nó a n-ionadaithe in dhá ghnóthas nó dhá

‘1. Chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1(1) a bhaint amach, déanfaidh an *lár bhainistíocht* caibidlíocht a thionscnamh lena *mbunófar* Comhairle Oibreacha Eorpacha nó nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin *agus déanfar é sin* ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin i scríbhinn, *i gcomhpháirt nó go leithleach*, ag ar a laghad 100 fostaí



bhunaíocht ar a laghad in dhá Bhallstát éagsúla ar a laghad.

nó a n-ionadaithe in dhá ghnóthas nó dhá bhunaíocht ar a laghad in dhá Bhallstát éagsúla ar a laghad.’

## Leasú 30

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 5 – mír 2 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

“(b) Toghfar nó ceapfar comhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta i gcomhréir le líon na bhfostaithe atá fostaithe i ngach Ballstát ag an ngnóthas ar **leibhéal** an Chomhphobail nó ag an ngrúpa gnóthas ar **leibhéal** an Chomhphobail, ar bhealach a fhéachann le hionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach, trí shuíochán amháin a leithdháileadh i leith gach Ballstáit in aghaidh na codan d’fostaithe atá fostaithe sa Bhallstát céanna sin, arb ionann é agus 10 %, nó codán den chéatadán sin, de líon na bhfostaithe atá fostaithe sna Ballstáit uile i dteannta a chéile;”;

*Leasú*

“(b) Toghfar nó ceapfar comhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta i gcomhréir le líon na bhfostaithe atá fostaithe i ngach Ballstát ag an ngnóthas ar **scála** an Chomhphobail nó ag an ngrúpa gnóthas ar **scála** an Chomhphobail, ar bhealach a fhéachann le hionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach, **arb é go mbeadh 40 % ar a laghad de na poist mar chomhalta den chomhlacht speisialta caibidlíochta ag mná agus ag fir araon**, trí shuíochán amháin a leithdháileadh i leith gach Ballstáit in aghaidh na codan d’fostaithe atá fostaithe sa Bhallstát céanna sin, arb ionann é agus 10 %, nó codán den chéatadán sin, de líon na bhfostaithe atá fostaithe sna Ballstáit uile i dteannta a chéile. **Mura mbainfear an cuspóir sin amach, míneoidh an comhlacht speisialta caibidlíochta na cúiseanna i scríbhinn;**”;

## Leasú 31

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a a (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 5 – mír 4 – fomhír 3

*An téacs atá ann*

*Leasú*

**(aa) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an tríú fomhír:**

Chun críche na caibidlíochta, féadfaidh an comhlacht speisialta caibidlíochta cúnamh a iarraidh ar **shaineolaithe dá rogha féin, ar féidir** ionadaithe ó eagraíochtaí inniúla aitheanta **ceardchumainn** ar leibhéal an Chomhphobail **a bheith ar áireamh iontu**. Féadfaidh na saineolaithe agus na hionadaithe ceadchumainn sin a bheith i láthair ag cruinnithe caibidlíochta i gcáil chomhairleach arna iarraidh sin ag an gcomhlacht speisialta caibidlíochta.

‘Chun críche na caibidlíochta, féadfaidh an comhlacht speisialta caibidlíochta cúnamh a iarraidh ar ionadaithe ó eagraíochtaí **ceardchumainn** inniúla aitheanta, ar **eagraíochtaí iad atá ar leibhéal an Chomhphobail, agus, más gá, ar shaineolaithe breise**. Féadfaidh na saineolaithe agus na hionadaithe ceadchumainn sin a bheith i láthair ag cruinnithe caibidlíochta i gcáil chomhairleach arna iarraidh sin ag an gcomhlacht speisialta caibidlíochta.’

## Leasú 32

### Togra le haghaidh Treorach

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b – fleasc 1**

Treoir 2009/38/CE

Airteagal 5 – mír 6 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

‘Áireofar ar na speansais sin costais réasúnta saineolaithe, lena n-áirítear le haghaidh cúnamh dlí, a mhéid is gá chun na críche sin, mar aon le costais réasúnta a bhaineann le hionadaíocht dhlíthiúil agus rannpháirtíocht in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha. **Cuirfean an** lár bhainistíocht **ar an eolas** faoi na speansais, sula dtabhófar iad.’;

*Leasú*

‘Áireofar ar na speansais sin costais réasúnta saineolaithe, lena n-áirítear **ionadaí ó cheardchumann aitheanta, ar ceadchumann é atá leibhéal an Chomhphobail**, le haghaidh cúnamh dlí, a mhéid is gá chun na críche sin, mar aon le costais réasúnta a bhaineann le hionadaíocht dhlíthiúil agus rannpháirtíocht in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha. **Tabharfar fógra don** lár bhainistíocht faoi na speansais **agus déanfaidh sí iad a fhormheas** sula dtabhófar iad.’;

## Leasú 33

### Togra le haghaidh Treorach

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a – fleasc 2**

Treoir 2009/38/CE

Airteagal 6 – mír 2 – pointe f – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**An ceanglas maidir leis na heilimintí a liostaítear sa chéad fhomhír a chinneadh,**

*Leasú*

**scriosta**

*arna leasú le [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach tagairt don Treoir leasaitheach seo\*], beidh feidhm aige freisin maidir le comhaontuithe ó í an Chomhairle Oibreacha Eorpacha a tugadh i gcrích roimh [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta a leagtar síos sa dara fómhír d’Airteagal 2 den Treoir leasaitheach seo].*

---

\* *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt IO don Treoir leasaitheach seo.]’;*

## Leasú 34

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

‘2a Déanfaidh an lár bhainistíocht agus an comhlacht speisialta caibidlíochta, agus comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha á chaibidliú **nó á athchaibidliú aici nó aige**, na socrúithe is gá a chomhaontú agus a leagan síos chun cuspóir na cothromaíochta inscne a bhaint amach, **a mhéid is féidir**, agus gan dochar do na dlíthe náisiúnta maidir le hionadaithe oibríthe a thoghadh, arb é atá i gceist leis an gcuspóir sin go mbeadh an Chomhairle Oibreacha Eorpacha comhdhéanta de 40 % ar a laghad de mhná agus d’fhir mar chomhaltaí, agus i gcás inarb infheidhme, go mbeadh an roghchoiste comhdhéanta de 40 % ar a laghad de mhná agus **fir** mar chomhaltaí **freisin**.’;

## Leasú 35

**Togra le haghaidh Treorach**

*Leasú*

‘2a. Déanfaidh an lár bhainistíocht agus an comhlacht speisialta caibidlíochta, agus comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha á chaibidliú **acu**, na socrúithe is gá a chomhaontú agus a leagan síos chun cuspóir na cothromaíochta inscne a bhaint amach, agus gan dochar do na dlíthe náisiúnta maidir le hionadaithe oibríthe a thoghadh, arb é atá i gceist leis an gcuspóir sin go mbeadh an Chomhairle Oibreacha Eorpacha comhdhéanta de 40 % ar a laghad de mhná agus **40 % ar a laghad** d’fhir mar chomhaltaí, agus i gcás inarb infheidhme, go mbeadh an roghchoiste comhdhéanta de 40 % ar a laghad de mhná agus **40% ar a laghad d’fhir** mar chomhaltaí. ’;

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

*An téacs atá ann*

1. Chun an cuspóir a leagtar amach in **Airteagal 1(1)** a bhaint amach, beidh feidhm ag na ceanglais choimhdeacha a leagtar síos le reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil an lárbhainistíocht suite sna cásanna seo a leanas:

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 a (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 7 – mír 1 – fleasc 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 b (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 7 – mír 1 – fleasc 3

*An téacs atá ann*

— i gcás, tar éis **3 bliana** ó dháta **na hiarrata seo**, nach bhfuil siad in ann comhaontú, mar a leagtar síos in **Airteagal 6**, a thabhairt i gcrích agus nach bhfuil an

*Leasú*

**(4a) in Airteagal 7(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:**

‘1. Chun an cuspóir a leagtar amach in **Airteagal 1(1)** a bhaint amach, beidh feidhm **láithreach** ag na ceanglais choimhdeacha a leagtar síos le reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil an lárbhainistíocht suite sna cásanna seo a leanas.’

*Leasú*

**(5a) in Airteagal 1, cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach tar éis an dara fleasc:**

‘— i gcás nach dtionóltar an comhlacht speisialta caibidlíochta ar bhonn rialta,’

*Leasú*

**(5b) in Airteagal 7(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fleasc:**

‘— i gcás, tar éis **24 mhí** ó dháta **iarrata den sórt sin**, nach bhfuil siad in ann comhaontú, mar a leagtar síos in **Airteagal 6**, a thabhairt i gcrích agus nach

cinneadh dá bhforáiltear in *Airteagal 5(5)* glactha ag an gcomhlacht speisialta caibidlíochta.

bhfuil an cinneadh dá bhforáiltear in *Airteagal 5(5)* glactha ag an gcomhlacht speisialta caibidlíochta.’

## Leasú 38

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 c (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 7 – mír 1 – fleasc 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(5c) in Airteagal 7(1), cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas:*

*‘— i gcás ina ndearnadh comhaontú mar a leagtar síos in Airteagal 6 a fhoirceannadh agus nár tugadh aon chomhaontú nua i gcrích laistigh de 24 mhí tar éis lá deireanach bailíochta an chomhaontaithe sin.’*

## Leasú 39

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 8 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Maidir le comhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, comhaltaí de Chomhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta ***chun fostaithe a chur ar an eolas*** agus ***dul i gcomhairle leo***, agus aon saineolaí a thugann cúnamh dóibh, déanfaidh na Ballstáit foráil nach mbeidh an t-údarás acu faisnéis a nochtadh, ar faisnéis í a chuir an lár bhainistíocht ar fáil dóibh go sainráite faoi rún. Ina theannta sin, féadfaidh an lár bhainistíocht socrúithe ***leordhóthanacha*** a chur ar bun maidir le faisnéis a tharchur agus a stóráil chun cuidiú le rúndacht na faisnéise arna

1. Maidir le comhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, comhaltaí de Chomhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta ***faisnéise*** agus ***comhairliúcháin***, agus aon saineolaí a thugann cúnamh dóibh, déanfaidh na Ballstáit foráil nach mbeidh an t-údarás acu faisnéis a nochtadh, ar faisnéis í a chuir an lár bhainistíocht ar fáil dóibh go sainráite faoi rún ***laistigh de na coinniollacha agus na teorainneacha a leagtar síos le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus faoi réir critéir oibiachtúla***. Ina theannta sin, féadfaidh an lár bhainistíocht socrúithe

cur ar fáil faoi rún a chosaint.

**leormhaithe** a chur ar bun maidir le faisnéis a tharchur agus a stóráil chun cuidiú le rúndacht na faisnéise arna cur ar fáil faoi rún a chosaint.

## Leasú 40

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 Treoir 2009/38/CE Airteagal 8 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Nuair a chuirfidh an lárhainistíocht faisnéis ar fáil faoi rún i gcomhréir le **mír 1**, cuirfidh sí comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta nó na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe **fostaithe ar an eolas**, faoi chuimsiú nós imeachta **chun fostaithe a chur** ar an eolas **agus dul i gcomhairle leo**, faoi na **cúiseanna** a thugann údar leis an bhfaisnéis **sin** a chur ar fáil faoi rún.

## Leasú 41

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 Treoir 2009/38/CE Airteagal 8 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Beidh feidhm ag an oibleagáid dá dtagraítear i **mír 1** fós, cibé áit a bhfuil na daoine dá dtagraítear i **mír 1**, fiú tar éis dá dtéarmaí oifige dul in éag, go dtí, **i gcomhaontú leis an lárhainistíocht**, go meastar go bhfuil an t-údar **sin** imithe i léig.’;

*Leasú*

2. Nuair a chuirfidh an lárhainistíocht faisnéis ar fáil faoi rún i gcomhréir le **mír 1**, cuirfidh sí comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta nó na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe **na bhfostaithe** faoi chuimsiú nós imeachta **faisnéise agus comhairliúcháin**, ar an eolas faoi na **critéir oibiachtúla** a thugann údar leis an bhfaisnéis a chur ar fáil faoi rún **agus déanfaidh sí fad ama na gceanglas rúndachta a chinneadh**.

*Leasú*

3. Beidh feidhm ag an oibleagáid dá dtagraítear i **mír 1** fós, cibé áit a bhfuil na daoine dá dtagraítear i **mír 1**, fiú tar éis dá dtéarmaí oifige dul in éag, go dtí go meastar go bhfuil an t-údar **a tugadh imithe i léig**.’;

## Leasú 42

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 8 – mír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le comhaltáí den Chomhairle Oibreacha Eorpacha a nochtann faisnéis do chomhairlí oibre náisiúnta nó áitiúla lena bhféadfaí difear a dhéanamh do staid na n-oibríthe i gcás inar cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil dóibh faoi rún agus ina bhfuil sí faoi réir rialacha náisiúnta maidir le rúndacht.**

## Leasú 43

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 8a – mír 1 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Féadfaidh Ballstát díolúine** den sórt sin a chur faoi réir réamhúdarú riaracháin nó breithiúnach.

**Déanfaidh Ballstáit dispeansáid** den sórt sin a chur faoi réir réamhúdarú riaracháin nó breithiúnach.

## Leasú 44

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 9 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Tabharfar faisnéis faoi chúrsaí trasnáisiúnta ag tráth, ar bhealach, agus leis an ábhar **is iomchuí chun é a chur ar a gcumas d'ionadaithe** na bhfostaithe grinnmheasúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu agus, i gcás

2. Tabharfar faisnéis faoi chúrsaí trasnáisiúnta ag tráth, ar bhealach, agus leis an ábhar **sin atá riachtanach agus leordhóthanach chun go mbeidh an Chomhairle Oibreacha Eorpacha in ann dul i gcomhairle le hionadaithe** na

inarb iomchuí, ullmhú do chomhairliúcháin le horgán inniúil an ghnóthais ar **leibhéal** an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar **leibhéal** an Chomhphobail.

bhfostaithe **ábhartha ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil**, grinnmheasúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu agus, i gcás inarb iomchuí, ullmhú do chomhairliúcháin **fhóinteacha** le horgán inniúil an ghnóthais ar **scála** an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar **scála** an Chomhphobail.

## Leasú 45

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 9 – mír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, agus ina bhfuil gá le práinn chun cinneadh a ghlacadh, déanfaidh an bhainistíocht agus ionadaithe na bhfostaithe próiseas éifeachtach faisnéise agus comhairliúcháin i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 a luaithe is féidir. Nuair is iomchuí agus nuair a chomhaontaítear iad, is féidir modhanna digiteacha cumarsáide agus comhordaithe a úsáid chun na críche sin.**

## Leasú 46

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 9 – mír 3 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3b. Má bhíonn díospóid ann idir an lár bhainistíocht agus an Chomhairle Oibreacha Eorpach nó ionadaithe na bhfostaithe maidir le cé acu atá nó nach bhfuil nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin le cur i gcrích, tabharfaidh an lár bhainistíocht forais chuí-réasúnaithe i scríbhinn leis na**



*cúiseanna nach bhfuil feidhm ag na ceanglais faisnéise agus chomhairliúcháin faoin Treoir seo nó faoi chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích dá bun, lena n-áirítear na cúiseanna lena dtugtar údar le saincheisteanna trasnáisiúnta a bheith ar lár.*

Leasú 47

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 9 – mír 3 c (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*3c. A mhéid is gá don Chomhairle Oibreacha Eorpacha a cúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh an Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó an roghchoiste cúnaimh a iarraidh ar shaineolaithe dá rogha féin. I measc na saineolaithe sin, féadfaidh ionadaithe ó eagraíochtaí ceardchumainn inniúla aitheanta a bheith ann, ar eagraíochtaí iad atá ar leibhéal an Chomhphobail. Arna iarraidh sin ag an gComhairle Oibreacha Eorpacha, beidh na saineolaithe sin i láthair ag cruinnithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha agus ag cruinnithe leis an lár bhainistíocht i gcáil chomhairleach.*

Leasú 48

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 10 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Gan dochar d'inniúlacht comhlachtaí nó eagraíochtaí eile i ndáil leis sin, beidh ***sé de chumas*** ag comhaltaí ***den*** Comhairle Oibreacha Eorpacha, na cearta a

1. Gan dochar d'inniúlacht comhlachtaí nó eagraíochtaí eile i ndáil leis sin, beidh ***na modhanna agus an inniúlacht dhlíthiúil is gá*** ag comhaltaí ***an***

eascaíonn as an Treoir seo a chur i bhfeidhm, chun ionadaíocht chomhchoiteann a dhéanamh ar leasanna fhostaithe an ghnóthais ar **leibhéal** an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar **leibhéal** an Chomhphobail.

**chomhlachta speisialta caibidlíochta, ag comhaltá na** Comhairle Oibreacha Eorpacha **agus ag ionadaithe** na **bhfostaithe chun na** cearta a eascaíonn as an Treoir seo a chur i bhfeidhm, chun ionadaíocht chomhchoiteann a dhéanamh ar leasanna fhostaithe an ghnóthais ar **scála** an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar **scála** an Chomhphobail.

## Leasú 49

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 10 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Gan dochar d'**Airteagail 8 agus 8a**, beidh an ceart agus na modhanna is gá ag comhaltá **den Chomhairle** Oibreacha Eorpacha chun ionadaithe fhostaithe na mbunaíochtaí nó na ngnóthas i ngrúpa gnóthas ar **leibhéal** an Chomhphobail nó, in éagmais ionadaithe, an lucht saothair ina iomláine, a chur ar an eolas faoi ábhar agus toradh an nós imeachta **chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo**, go háirithe roimh na cruinnithe leis an **bhainistíocht lárnach** agus i ndiaidh na gcruinnithe sin.

*Leasú*

2. Gan dochar d'**Airteagail 8 agus 8a**, beidh an ceart agus na modhanna is gá ag comhaltá **na Comhairle** Oibreacha Eorpacha chun ionadaithe fhostaithe na mbunaíochtaí nó na ngnóthas i ngrúpa gnóthas ar **scála** an Chomhphobail nó, in éagmais ionadaithe, an lucht saothair ina iomláine, a chur ar an eolas faoi ábhar agus toradh an nós imeachta **faisnéise agus comhairliúcháin, agus aon uair a mheasann siad gur gá a gcúraimí a eascaíonn as an Treoir seo a dhéanamh**, go háirithe roimh na cruinnithe leis an **lár bhainistíocht** agus i ndiaidh na gcruinnithe sin.

## Leasú 50

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú ag comhaltá de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, comhaltá de Chomhairlí

*Leasú*

Agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú ag comhaltá de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, comhaltá de Chomhairlí

Oibreacha Eorpacha, agus ionadaithe fostaithe a fheidhmíonn a bhfeidhmeanna faoin nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 6(3), beidh cosaint agus ráthaíochtaí acu atá coibhéiseach leis an gcosaint agus na ráthaíochtaí sin d'ionadaithe **na bhfostaithe** faoin reachtaíocht náisiúnta **agus** faoin gcleachtas atá i bhfeidhm ina dtír fostaíochta.

Oibreacha Eorpacha, agus ionadaithe fostaithe a fheidhmíonn a bhfeidhmeanna faoin nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 6(3), **lena n-áirítear an ceart chun ceardchumainn a chur ar bun agus dul i bpáirt le ceardchumainn**, beidh cosaint agus ráthaíochtaí acu atá coibhéiseach leis an gcosaint agus na ráthaíochtaí sin d'ionadaithe **fostaithe** faoin reachtaíocht náisiúnta **agus/nó** faoin gcleachtas atá i bhfeidhm ina dtír fostaíochta.

## Leasú 51

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Beidh comhalta de chomhlacht speisialta caibidlíochta nó de Chomhairle Oibreacha Eorpacha, nó comhalta malartach comhalta den sórt sin, ar comhalta é de chriú soithigh farraige, i dteideal páirt a ghlacadh i gcrúinniú den chomhlacht speisialta caibidlíochta nó den Chomhairle Oibreacha Eorpacha, nó in aon chruinniú eile faoi aon nósanna imeachta arna mbunú de bhun Airteagal 6(3), i gcás nach mbeidh an comhalta nó an comhalta malartach sin ar muir nó i gcalafort i dtír seachas an tír ina bhfuil sainchónaí ar an gcuideachta loingseoireachta, nuair a bheidh an cruinniú ar siúl.***

## Leasú 52

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 2 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Déanfar cruinnithe a sceidealú, i gcás inarb indéanta, ionas go n-éascófar rannpháirtíocht comhaltaí nó comhaltaí malartacha, ar comhaltaí de chriúnna soithí farraige iad.***

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 2 c (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***I gcás nach féidir le comhalta de chomhlacht speisialta caibidlíochta nó de Chomhairle Oibreacha Eorpacha, nó comhalta malartach comhalta den sórt sin, ar comhalta de chriú soithigh farraige é, freastal ar chruinniú, breithneofar an fhéidearthacht úsáid a bhaint, i gcás inar féidir, as teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide.***

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 10 – mír 4 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

A mhéid is gá chun a ndualgais ionadaíoch a fheidhmiú i dtimpeallacht idirnáisiúnta, cuirfear oiliúint, gan tuarastal a chailleadh, ar fáil do chomhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta agus do chomhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha.

A mhéid is gá chun a ndualgais ionadaíoch a fheidhmiú i dtimpeallacht idirnáisiúnta ***agus a mhéid atá sé nasctha leis sin***, cuirfear oiliúint, gan tuarastal a chailleadh, ar fáil do chomhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta agus do chomhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha.

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 10 – mír 4 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Gan dochar do chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 6(2), pointe (f), **beidh ar** an lár bhainistíocht costais na hoiliúna agus na speansais ghaolmhara sin **a íoc**, ar choinníoll gur cuireadh an lár bhainistíocht ar an eolas **fúthu** roimh ré.

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 11 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) go bhfuil nósanna imeachta **leordhóthanacha** ar fáil **ionas** go mbeifear in ann na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú in am trátha agus ar bhealach éifeachtach;

*Leasú*

Gan dochar do chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 6(2), pointe (f), **íocfaidh** an lár bhainistíocht, **nó aon leibhéal iomchuí bainistíochta eile**, costais na hoiliúna agus na speansais ghaolmhara sin, ar choinníoll gur cuireadh an lár bhainistíocht **nó aon leibhéal iomchuí bainistíochta eile** ar an eolas roimh ré.

*Leasú*

(a) go bhfuil nósanna imeachta **leormhaithe riaracháin agus breithiúnacha** ar fáil **agus inrochtana** go **héasca chun go** mbeifear in ann na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú in am trátha agus ar bhealach éifeachtach, **iarratas a dhéanamh ar chinntí na lár bhainistíochta a chur ar fionraí go sealadach agus iad a fhoirceannadh, lena n-áirítear an fhéidearthacht réamhurghaire a iarraidh i leith na gcinntí sin, i gcás ina ndéantar agóid in aghaidh na gcinntí sin ar an mbonn go ndearnadh sárú ar na ceanglais faisnéise agus chomhairliúcháin faoin Treoir seo nó faoi chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích dá bun. Déanfar éifeachtaí na gcinntí a**

*bhfuiltear ag agóid ina gcoinne ar chonarthaí fostaíochta nó ar chaidrimh fostaíochta na bhfostaithe a ndéantar difear dóibh a chur ar fionraí dá réir;*

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a**

Treoir 2009/38/CE

Airteagal 11 – mír 2 – pointe b – fomhír 1 a (nua) – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Áireofar sna pionóis dá dtagraítear i bpointe (b) an méid seo a leanas:*

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a**

Treoir 2009/38/CE

Airteagal 11 – mír 2 – pointe b – fomhír 1 a (nua) – pointe i

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(i) pionóis airgeadais atá comhréireach le cineál, tromchúis agus fad ama an tsáraithe arna dhéanamh ag an ngnóthas agus méadófar a méid de réir líon na bhfostaithe a ndéantar difear dóibh;*

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a**

Treoir 2009/38/CE

Airteagal 11 – mír 2 – pointe b – fomhír 1 a (nua) – pointe ii

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ii) orduithe lena n-eisiatar an ngnóthas ó theidlíocht chun sochar poiblí, cabhracha nó fóirdheontas poiblí áirithe, nó chun sochar poiblí, cabhracha nó*

*fóirdheontas poiblí uile, lena n-áirítear cistí de chuid an Aontais arna mbainistiú ag na Ballstáit ábhartha, ar feadh tréimhse suas le 3 bliana;*

Leasú 60

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a**

Treoir 2009/38/CE

Airteagal 11 – mír 2 – pointe b – fomhír 1 a (nua) – pointe iii

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(iii) orduithe lena n-eisiatar an gnóthas ó pháirt a ghlacadh i gconradh poiblí mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>.*

---

<sup>1a</sup> *Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).*

Leasú 61

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a**

Treoir 2009/38/CE

Airteagal 11 – mír 2 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*I gcás nach gcomhlíontar na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear na hoibleagáidí faoi Airteagal 9(2) agus (3), déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le smachtbhannaí airgid, a bheidh le cinneadh i bhfianaise na gcritéar a liostaítear sa tríú fomhír den mhír seo, gan dochar don fhéidearthacht foráil a dhéanamh do chineálacha eile smachtbhannaí freisin.*

*I gcás sáruithe dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo nach ndéantar d'aon ghnó, beidh na pionóis airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo substainteach agus coibhéiseach leis na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 83(4) de Rialachán (AE) 2016/679<sup>1a</sup>.*

---

*<sup>1a</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó  
Pharlaimint na hEorpa agus ón  
gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le  
daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le  
sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir  
le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin,  
agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE  
(An Rialachán Ginearálta maidir le  
Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016,  
lch. 1).*

## **Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 11 – mír 2 – fomhír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Chun críocha phointe (b), den chéad fhomhír, cuirfidh na Ballstáit san áireamh, agus pionóis á gcinneadh acu, tromchúis, fad, iarmhairtí, agus cineál intinneach nó faillitheach an chiona, agus i ndáil le smachtbhannaí airgid, méid agus staid airgeadais an ghnóthais nó an ghrúpa ar forchuireadh smachtbhannaí air, mar aon le haon chritéar ábhartha eile.’;*

## **Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe b – fleasc 1 a (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*I gcás sáruiithe dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo a dhéantar d’aon ghnó, beidh na pionóis airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo substainteach agus coibhéiseach leis na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 83(5) de Rialachán (AE) 2016/679.’;*

*Leasú*

*– cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas tar éis na chéad fhomhíre:  
‘Íocfaidh an lárbhainistíocht na costais bhreithiúnacha arna dtabhú agus na nósanna imeachta á gcur i gcrích, costais*



*na hionadaíochta dlíthiúla agus costais thánaisteacha amhail speansais chothaithe agus taistil le haghaidh ionadaí amháin ar a laghad de chuid na bhfostaithe;’*

## Leasú 64

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe c**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 11 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

“4. I gcás ina **gcuireann** na Ballstáit **coinníoll le** rochtain **a fháil** ar imeachtaí dlíthiúla **nuair a chuirfear** réiteach malartach **díospóide** chun feidhme roimh ré, ní bheidh cinneadh a bheidh ina cheangal ar na páirtithe lena mbaineann mar thoradh ar an nós imeachta sin, ná ní dhéanfaidh sé dochar ar aon bhealach eile dá gceart imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh.’;

## Leasú 65

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 12 – mír 2

*An téacs atá ann*

2. Déanfar na socruithe le haghaidh na nasc idir faisnéis agus comhairliúchán na Comhairle Oibreacha Eorpacha agus na gcomhlachtaí náisiúnta ionadaíochta fostaithe a bhunú leis an gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 6. Beidh an

*Leasú*

‘4. **Moltar do na Ballstáit nósanna imeachta idirghabhála lasmuigh den chúirt a fhorbairt lena gcuirfear ar chumas an dá pháirtí teacht ar réitigh inghlactha.** I gcás ina **ndéanann** na Ballstáit rochtain ar imeachtaí dlíthiúla **coinníollach ar** réiteach malartach **díospóide a chur** chun feidhme roimh ré, ní bheidh cinneadh a bheidh ina cheangal ar na páirtithe lena mbaineann mar thoradh ar an nós imeachta sin, ná ní dhéanfaidh sé dochar ar aon bhealach eile dá gceart imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh.’;

*Leasú*

**(9a) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:**

2. Déanfar na socruithe le haghaidh na nasc idir faisnéis agus comhairliúchán na Comhairle Oibreacha Eorpacha agus na gcomhlachtaí náisiúnta ionadaíochta fostaithe a bhunú leis an gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 6 **chun dea-**

comhaontú sin gan dochar d'fhorálacha an dlí náisiúnta agus/nó cleachtas maidir le faisnéis agus comhairliúchán fostaithe.

***chomhordú a áirithiú idir próisis faisnéise agus chomhairliúcháin laistigh den Chomhairle Oibreacha Eorpacha agus na próisis faisnéise agus chomhairliúcháin a bhunaítear ar an leibhéal náisiúnta.***

Beidh an comhaontú sin gan dochar d'fhorálacha an dlí náisiúnta agus/nó cleachtas maidir le faisnéis agus comhairliúchán fostaithe.

## **Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 12 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(10) in Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:**

***scriosta***

***‘6. Féadfaidh gach Ballstát forálacha ar leith a leagan síos don lárbhainistíocht sna gnóthais ina chríoch a shaothraíonn go díreach agus go bunúsach aidhm na treoraíochta idé-eolaíochta maidir le faisnéis agus tuairimí a chur in iúl, ar choinníoll go bhfuil na forálacha áirithe sin le fáil sa reachtaíocht náisiúnta cheana, ar an dáta a ghlacfar an Treoir seo.’;***

## **Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 14a – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. ***Maidir*** le comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó comhaontú maidir le nós imeachta ***chun fostaithe a chur ar an eolas*** agus ***dul i gcomhairle leo*** a tugadh i gcrích roimh [Oifig na

1. ***I gcás nach gcinntear*** le comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó comhaontú maidir le nós imeachta ***faisnéise*** agus ***comhairliúcháin*** a tugadh i gcrích roimh ***an*** [Oifig na

bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta óna mbeidh feidhm ag na forálacha trasuite, a leagtar amach in *Airteagal 2(1)*, an dara fómhír den Treoir leasaitheach seo], *i gcás, i ndiaidh thrasuí* [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach tagairt don Treoir leasaitheach seo], *i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Threoir 94/45/CE nó le hAirteagail 5 agus 6 den Treoir sin, nach bhfuil sé i gcomhréir le haon cheann de na ceanglais is infheidhme maidir leis an gcomhaontú sin mar thoradh ar na leasuithe dá bhforáiltear in [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach tagairt don Treoir leasaitheach seo], cuirfidh an lár bhainistíocht tús le caibidlíocht chun an comhaontú sin a oiriúnú, arna iarraidh sin, i scríbhinn do 100 fostaí ar a laghad, nó dá n-ionadaithe in dhá ghnóthas nó in dhá bhunaíocht ar a laghad, in dhá Bhallstát éagsúla ar a laghad. Ina theannta sin, féadfaidh an lár bhainistíocht caibidlíocht den sórt sin a thionscnamh ar a thionscnamh féin.*

Leasú 68

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 14a – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Maidir le comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó comhaontú maidir le nós imeachta *chun fostaithe a chur ar an eolas* agus *chun dul i gcomhairle leo*, i gcás ina bhfuil socruithe nós imeachta ann chun é a oiriúnú *nó a athchaibidliú, d'fhéadfaí an t-oiriúnú a chaibidliú* de bhun na socruithe sin. Seachas sin, *déanfar an t-oiriúnú i gcomhréir leis an* nós imeachta a leagtar amach in *Airteagal 5* i gcomhar *leis* an dara mír agus *leis* an tríú mír *d'Airteagal 13*.

bhFoilseachán: cuir isteach an dáta óna mbeidh feidhm ag na forálacha trasuite, a leagtar amach in *Airteagal 2(1)*, an dara fómhír den Treoir leasaitheach seo] *i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Threoir 94/45/CE nó le hAirteagail 5 agus 6 den Treoir seo na heilimintí uile a liostaítear in Airteagal 6(2), arna leasú le* [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt don Treoir leasaitheach seo], *tionscnóidh an lár bhainistíocht caibidlíocht faoin... [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] chun aguisín a bhunú, lena gcinneadh* leis an gcomhaontú *atá ann cheana ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó comhaontú atá ann cheana maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin.*

*Leasú*

2. Maidir le comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó comhaontú maidir le nós imeachta *faisnéise* agus *comhairliúcháin*, i gcás ina bhfuil socruithe nós imeachta ann chun é a oiriúnú, *féadfar bunú an aguisín* a chaibidliú de bhun na socruithe sin. Seachas sin, *leanfar* an nós imeachta a leagtar amach in *Airteagal 5* i gcomhar *le hAirteagal 13*, an dara mír agus an tríú mír, *agus an t-aguisín á bhunú.*

## Leasú 69

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 14a – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás nach **mbeidh** comhaontú **ann mar thoradh ar** nós imeachta **oiriúnaithe** laistigh de 2 bhliain ó dháta na hiarrata **faoi seach ó fhostaithe nó ó ionadaithe na bhfostaithe**, beidh feidhm ag na ceanglais choimhdeacha a leagtar amach in **Iarscríbhinn I.** ’;

*Leasú*

3. I gcás nach **dtiocfaidh** comhaontú **maidir leis an aguisín as** nós imeachta **um oiriúnú arna thionscnamh de bhun mhír 1** laistigh de 2 bhliain **tar éis thionscnamh na caibidlíochta**, beidh feidhm ag na ceanglais choimhdeacha a leagtar amach in **Iarscríbhinn I i ndáil leis na heilimintí nár cinneadh sa chomhaontú atá ann cheana ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó comhaontú atá ann cheana maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin.** ’;

## Leasú 70

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 a (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Airteagal 15 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(12a) Cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:**

**‘Airteagal 15a**

**Faireachán**

1. **Bunófar coiste faireacháin chun a áirithiú go gcuirfear an Treoir i bhfeidhm i gceart agus chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna praiticiúla a eascraíonn as a cur chun feidhme agus chun iad a réiteach.**

2. **Ionadaí amháin ó gach Ballstát, triúr ionadaithe ó gach ceann de na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha, agus an Coimisiún a bheidh ar an gcoiste**

*faireacháin.*

**3. Tiocfaidh an coiste faireacháin le chéile faoi dhó sa bhliain agus is é an Coimisiún a dhéanfaidh cathaoirleacht air.'**

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**'2a. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na bearta a glacadh de bhun Airteagal 11(2) a luaithe is féidir.'**

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe a a (nua)  
Treoir 2009/38/CE  
Iarscríbhinn I – pointe 1 – pointe a – mír 2**

*An téacs atá ann*

*Leasú*

**(aa) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe an dara fomhír de phointe (a):**

Bainfidh faisnéis na Comhairle Oibreacha Eorpacha go háirithe le struchtúr, staid eacnamaíoch agus airgeadais, forbairt dhóchúil, agus táirgeadh agus díolacháin an ghnóthais ar scála an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail. Bainfidh faisnéis agus comhairliúchán na Comhairle Oibreacha Eorpacha go háirithe le staid agus treocht dhóchúil na fostaíochta, **infheistíochtaí**, agus athruithe substaintiúla a bhaineann le heagrú, tabhairt isteach modhanna oibre nua nó próiseas táirgthe nua, aistrithe táirgeachta, cumaisc, ciorruithe nó dúnadh gnóthas, bunaíochtaí nó codanna tábhachtacha díobh, agus iomarcaíochtaí

Bainfidh faisnéis na Comhairle Oibreacha Eorpacha **maidir le cúrsaí trasnáisiúnta** go háirithe le struchtúr, staid eacnamaíoch agus airgeadais, forbairt dhóchúil, agus táirgeadh agus díolacháin an ghnóthais ar scála an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail. Bainfidh faisnéis agus comhairliúchán na Comhairle Oibreacha Eorpacha go háirithe le staid agus treocht dhóchúil na fostaíochta, **dálaí oibre, beartas scileanna agus oiliúna, lena n-áirítear i ngréasáin saincheadúnais, agus** athruithe substaintiúla a bhaineann le heagrú, tabhairt isteach modhanna oibre nua nó próiseas táirgthe nua, aistrithe táirgeachta,

comhchoiteanna.

cumaisc, ciorruithe nó dúnadh gnóthas, bunaíochtaí nó codanna tábhachtacha díobh, agus iomarcaíochtaí comhchoiteanna.

## Leasú 73

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe c**  
Treoir 2009/38/CE  
Iarscríbhinn I – pointe 1 – pointe dd

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

‘(dd) **Maidir le comhdhéanamh** na Comhairle Oibreacha Eorpacha agus an roghchoiste, beidh 40 % de na comhaltaí ina mná agus 40 % de na comhaltaí ina bhfír, ar a laghad;’;

*Leasú*

‘(dd) **Déanfaidh comhaltaí** na Comhairle Oibreacha Eorpacha agus **comhaltaí** an roghchoiste **ionadaíocht ar éagsúlacht an lucht saothair agus** beidh 40 % de na comhaltaí ina mná agus 40 % de na comhaltaí ina bhfír, ar a laghad.

## Leasú 74

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn 1 – mír 1 – pointe 2**  
Treoir 2009/38/CE  
Iarscríbhinn 1 – pointe 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

‘2. Beidh sé de cheart ag an gComhairle Oibreacha Eorpacha bualadh leis an lár bhainistíocht dhá uair sa bhliain, a bheith curtha ar an eolas agus go rachfaí i gcomhairle léi, ar bhonn tuarascáil a chuirfidh an lár bhainistíocht le chéile, maidir le dul chun cinn ghnó an ghnóthais ar **leibhéal** an Chomhphobail, **nó dul chun cinn** an ghrúpa gnóthas ar **leibhéal** an Chomhphobail, agus maidir lena bhfuil i ndán don **ghnóthas** sin. Cuirfear na bainistíochtaí **aitiúla** ar an eolas dá réir.’;

*Leasú*

‘2. Beidh sé de cheart ag an gComhairle Oibreacha Eorpacha bualadh **i bpearsa** leis an lár bhainistíocht dhá uair sa bhliain **ar a laghad chun a** bheith curtha ar an eolas agus **chun** go rachfaí i gcomhairle léi, ar bhonn tuarascáil a chuirfidh an lár bhainistíocht le chéile, maidir le dul chun cinn ghnó an ghnóthais ar **scála** an Chomhphobail **nó** an ghrúpa gnóthas ar **scála** an Chomhphobail, agus maidir lena bhfuil i ndán don **ghnó** sin. Cuirfear na bainistíochtaí **aitiúla** ar an eolas dá réir. **Nuair is iomchuí agus nuair a chomhaontaítear iad agus faisnéis fhóinteach agus comhairliúchán fóinteach á n-áirithiú, is féidir modhanna digiteacha cumarsáide agus comhordaithe**

*a úsáid i gcásanna eisceachtúla gan teacht in ionad gnáthchruinnithe.’*

## Leasú 75

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 3**  
Treoir 2009/38/CE  
Iarscríbhinn I – pointe 3 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

‘I gcás ina bhfuil imthosca eisceachtúla nó cinntí eisceachtúla ann a d’fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh do leasanna na bhfostaithe, agus **i gcás práinne** nach féidir **fostaithe a chur ar an eolas nó dul i gcomhairle leo** ag an gcéad chruinniú sceidealta eile den Chomhairle Oibreacha Eorpacha, go háirithe i gcás athshuímh, dúnadh bunaíochtaí nó gnóthas nó comhiomarcaíochtaí, beidh sé de cheart ag an roghchoiste nó, i gcás nach ann do choiste den sórt sin, ag an gComhairle Oibreacha Eorpacha go gcuirfí ar an eolas go tráthúil iad. Beidh sé de cheart **aici**, arna iarraidh sin **di**, bualadh leis an lár bhainistíocht nó aon leibhéal bainistíochta eile **níos iomchuí** laistigh den ghnóthas ar **leibhéal** an Chomhphobail nó den ghrúpa gnóthas a bhfuil a **cumhachtaí** cinnteoireachta féin **aici**, chun go gcuirfear ar an eolas **i** agus go rachfar i gcomhairle **léi**.

## Leasú 76

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 3**  
Treoir 2009/38/CE  
Iarscríbhinn I – pointe 3 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Maidir leis na comhaltaí sin den Chomhairle Oibreacha Eorpacha ar thogh

*Leasú*

‘I gcás ina bhfuil imthosca eisceachtúla nó cinntí eisceachtúla ann a d’fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh, **nó ar dócha go ndéanfaidh siad difear suntasach**, do leasanna na bhfostaithe, agus **fágann práinn** nach féidir **lamháil d’fhaisnéis nó do chomhairliúchán** ag an gcéad chruinniú sceidealta eile den Chomhairle Oibreacha Eorpacha, go háirithe i gcás athshuímh, dúnadh bunaíochtaí nó gnóthas nó comhiomarcaíochtaí, beidh sé de cheart ag an roghchoiste nó, i gcás nach ann do choiste den sórt sin, ag an gComhairle Oibreacha Eorpacha go gcuirfí ar an eolas go tráthúil iad. Beidh sé de cheart **acu**, arna iarraidh sin **dóibh**, bualadh leis an lár bhainistíocht nó aon leibhéal **níos iomchuí** bainistíochta eile laistigh den ghnóthas ar **scála** an Chomhphobail nó den ghrúpa gnóthas a bhfuil a **gcumhachtaí** cinnteoireachta féin **acu**, chun go gcuirfear ar an eolas **iad** agus go rachfar i gcomhairle **leo**.

*Leasú*

Maidir leis na comhaltaí sin den Chomhairle Oibreacha Eorpacha ar thogh

nó ar cheap na bunaíochtaí agus/nó na gnóthais iad, ar comhaltaí iad a bhfuil baint dhíreach acu leis na himthosca nó leis na cinntí atá i gceist, **nó a bhféadfadh baint dhíreach a bheith acu leo**, beidh sé de cheart acu páirt a ghlacadh i **gcrúinniú nuair a eagrófar** cruinniú leis an roghchoiste.?’;

## Leasú 77

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)**  
Treoir 2009/38/CE  
Iarscríbhinn 1 – pointe 4 a (nua)

*An téacs atá ann*

nó ar cheap na bunaíochtaí agus/nó na gnóthais iad, ar comhaltaí iad a bhfuil baint dhíreach acu leis na himthosca nó **ar féidir a bheith ag dréim** leis **go réasúnta go ndéanfadh** na **himthosca nó na** cinntí atá i gceist **difear dóibh**, beidh sé de cheart acu **freisin** páirt a ghlacadh i **gcás ina n-eagraítear** cruinniú leis an roghchoiste.?’;

*Leasú*

**4a. Déanfar nósanna imeachta faisnéise agus comhairliúcháin laistigh den Chomhairle Oibreacha Eorpacha gan dochar do na nósanna imeachta sin a tharlaíonn ar an leibhéal náisiúnta. I gcás ina bhfuil nós imeachta ar siúl cheana féin ar an leibhéal náisiúnta, áiritheoidh an Chomhairle Oibreacha Eorpacha agus an Iár bhainistíocht gur féidir leis na nósanna imeachta sin comhlánú a dhéanamh ar a chéile maidir le hábhar agus uainiú na nósanna imeachta.**

## Leasú 78

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 5 – pointe a**  
Treoir 2009/38/CE  
Iarscríbhinn I – pointe 6 – mír 3a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áireofar ar speansais oibriúcháin na Comhairle Oibreacha Eorpacha costais réasúnacha a bhaineann le cúnaimh dlíthiúil, ionadaíocht dhlíthiúil, agus imeachtaí dlíthiúla. Cuirfear an Iár bhainistíocht ar an eolas faoi speansais

*Leasú*

Áireofar ar speansais oibriúcháin na Comhairle Oibreacha Eorpacha costais réasúnacha a bhaineann le cúnaimh dlíthiúil, ionadaíocht dhlíthiúil agus imeachtaí dlíthiúla, **agus oiliúint ábhartha do chomhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha**. Cuirfear an Iár bhainistíocht ar



oibriúcháin, sula dtabhófar iad.

an eolas faoi speansais oibriúcháin sula  
dtabhófar iad.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Cruthaíonn na haistrithe digiteacha agus glasa deiseanna agus dúshláin do mhargaí saothair, d'fhostóirí agus d'fhostaithe. D'fhonn teacht ar réitigh inbhuanaithe ar athruithe ar an margadh saothair, ba cheart fostaithe, fostóirí agus saoránaigh a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna córais dhaonlathacha agus sna próisis chinnteoireachta.

Níl aon amhras ann ach go raibh rath ar Chomhairlí Oibreacha Eorpacha agus gur colún tábhachtach den mhúnla sóisialta Eorpach iad. Tá beagnach tríocha bliain ann ó glacadh agus trasuíodh Treoir 94/45/CE agus tá breis agus 10 mbliana ann ó glacadh Treoir 2009/38/CE.

Níl aon bhonn cirt a thuilleadh le comhaontuithe a síníodh roimh Threoir 94/45/CE a dhíolmhú, ná an Treoir, a bheadh imithe i léig seachas sin, le haghaidh comhaontuithe a síníodh nó a leasaíodh le linn thréimhse thrasúí Threoir 2009/38/CE, a choimeád. Dá bhrí sin, ba cheart comhaontuithe a dhíolmhaítear faoi Airteagal 14 de Threoir 2009/38/CE a thabhairt isteach faoi raon feidhme na Treorach sin.

Ní mór cinntí áirithe a bhfuil éifeacht shuntasach ionchasach dhíreach nó éifeacht iarmhartach acu ar leasanna na bhfostaithe, a bheith ina n-ábhar faisnéise agus comhairliúcháin ag ionadaithe ceaptha na bhfostaithe a luaithe is féidir. Cé gur le Treoracha 94/45/CE agus 2009/38/CE a bunaíodh cearta trasnáisiúnta saothair choitinn maidir le faisnéis agus comhairliúchán, ní minic a urramaítear na cearta sin go hiarbhír agus tá sé léirithe go bhfuil sé an-deacair iad a fhorfheidhmiú. I gcuid mhór cásanna chuir fostóirí bearta le saincheisteanna trasnáisiúnta chun feidhme gan an Chomhairle Oibreacha Eorpacha a chur ar an eolas ná gan dul i gcomhairle léi, agus is minic nach gcuirtear Comhairlí Oibreacha Eorpacha ar an eolas agus nach dtéitear i gcomhairle leo ach amháin tar éis bearta le saincheisteanna trasnáisiúnta a bheith curtha chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha lena gcumasaítear forfheidhmiú éifeachtach a bhunú;

## IARSCRÍBHINN: NA HEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

<b>Eintiteas agus/nó duine</b>
BDA - The German Business Representation
ETUC - European Trade Union Confederation
EFFAT - European Federation of Food, Agriculture, and Tourism Trade Unions
EWC Academy
LNS Rechtsanwälte und Fachanwälte für Arbeitsrecht

Rinneadh an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Leasú a dhéanamh ar Threoir 2009/38/CE maidir le bunú agus feidhmiú Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus maidir le forfheidhmiú éifeachtach na gceart chun faisnéise trasnáisiúnta agus comhairliúcháin	
<b>Tagairtí</b>	COM(2024)0014 – C9-0012/2024 – 2024/0006(COD)	
<b>Dáta tíolactha chun PE</b>	25.1.2024	
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 26.2.2024	
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Dennis Radtke 25.1.2024	
<b>Dáta an ghlactha</b>	14.2.2024	19.3.2024
<b>Dáta don chur síos</b>	3.4.2024	
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 28 –: 7 0: 8	
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Marc Angel, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Ilan De Basso, Margarita de la Pisa Carrión, Jarosław Duda, Cindy Franssen, Chiara Gemma, Niels Geuking, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Radan Kanev, Sara Matthieu, Jozef Mihál, Dragoş Pîslaru, Dennis Radtke, Antonio Maria Rinaldi, Mounir Satouri, Monica Semedo, Nikolaj Villumsen, Marianne Vind, Tomáš Zdechovský	
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Konstantinos Arvanitis, Ilana Cicurel, José Gusmão, Jeroen Lenaers, Eugenia Rodríguez Palop, Birgit Sippel, Sara Skytvedal, Kim Van Sparrentak	
<b>Comhaltaí dá dtagraítear i Riail 209(7), a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Udo Bullmann, Jorge Buxadé Villalba, Mohammed Chahim, Matthias Ecke, Ladislav Ilčić, Peter Jahr, Pedro Marques, Karen Melchior, Vera Tax, Michal Wiezik	

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE

28	+
PPE	Jarosław Duda, Cindy Franssen, Niels Geuking, Peter Jahr, Jeroen Lenaers, Dennis Radtke
Renew	Ilana Cicurel, Monica Semedo
S&D	Marc Angel, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Udo Bullmann, Mohammed Chahim, Ilan De Basso, Matthias Ecke, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Pedro Marques, Birgit Sippel, Vera Tax, Marianne Vind
The Left	Konstantinos Arvanitis, José Gusmão, Eugenia Rodríguez Palop, Nikolaj Villumsen
Verts/ALE	Sara Matthieu, Mounir Satouri, Kim Van Sparrentak

7	-
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Chiara Gemma, Ladislav Ilčić, Margarita de la Pisa Carrión
ID	Dominique Bilde
PPE	Sara Skyttedal
Renew	Sylvie Brunet

8	0
ID	Antonio Maria Rinaldi
PPE	Radan Kanev, Tomáš Zdechovský
Renew	Jordi Cañas, Karen Melchior, Jozef Mihál, Dragoș Pîslaru, Michal Wiezik

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh